



General Certificate of Secondary Education
2009

Matamaitic



Modúl N5 Páipéar 2
(Le hÁireamhán)
Bonnsraith
[GMN52]

DÉ LUAIN 1 MEITHEAMH
10.45 am – 11.45 am

AM

1 uair an chloig.

TREOIR D'IARRTHÓIRÍ

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.

Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa cheistpháipéar seo.

Freagair **gach ceann** de na **sé cheist déag**.

Ba chóir do chuid oibre a thaispeáint go soiléir sna spásanna chuige sin mar is féidir go mbronnfar marcanna ar réitigh a bhfuil codanna díobh ceart.

EOLAS D'IARRTHÓIRÍ

Is é 56 an marc iomlán don pháipéar seo.

Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na lámhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.

Ba chóir duit áireamhán, rialóir, compáis, dronbhacart agus uillinntomhas a bheith agat.

Tá an Bhileog Foirmilí ar leathanach 2.

StudentBounty.com

Uimhir Ionaid

71	
----	--

Uimhir Iarrthóra


--	--

Don Scrúdaitheoir amháin	
Uimhir Ceiste	Marcanna
1	
2	
3	
4	
5	
6	
7	
8	
9	
10	
11	
12	
13	
14	
15	
16	


Marc Iomlán	
-------------	--

Bileog Foirmlí


$$\text{Achar traipéisiam} = \frac{1}{2}(a+b)h$$



$$\text{Toirt priosma} = \text{achar trasghearrtha} \times \text{fad}$$



1




(a) Scríobh an léamh atá ar an luasmhéadar.

Freagra _____ km/u [1]

(b) Tarraing saighead leis an léamh 55 km/u a thaispeáint. [1]

2 Pirimid le bonn cearnógach atá sa léaráid thíos.



(a) Cá mhéad faobhar atá ar an phirimid?

Freagra _____ [1]

(b) Cá mhéad aghaidh atá ar an phirimid?

Freagra _____ [1]

(c) Cá mhéad aghaidh chomhionann atá ar an phirimid?

Freagra _____ [1]

Scrúdaitheoir Amháin

Marcanna Athmharc

- 3 Gach seachtain, faigheann Seán coimisiún 45p ar gach ticéad den chéad 200 ticéad a dhíolann sé agus coimisiún 60p ar gach ticéad eile a dhíolann sé ina dhiaidh sin. An tseachtain seo a chuaigh thart dhíol sé 280 ticéad. Cá mhéad airgid a thuill sé?

Freagra £ _____ [4]

- 4 Anseo thíos tá an fhoirmle le pá seachtainiúil fear díolacháin carranna a ríomh.

Pá seachtainiúil = Pá bunúsach + líon na gcarranna a díoladh × bónas

Is é £250 an pá bunúsach agus gheobhaidh sé bónas £45 ar gach carr a dhíolfaidh sé an tseachtain sin.

Leis an fhoirmle thuas, ríomh a phá do sheachtain inar dhíol sé 4 charr.

Freagra £ _____ [2]

- 5 Caithfidh Tríona píosa ribín a cheannach le 24 suaitheantas dar fad 5.6 cm an ceann a dhéanamh.

(a) Cén fad ribín ba chóir di a cheannach?

Scríobh do fhreagra ceart go dtí céim chruinnis chuí.

Freagra _____ m [3]

(b) Mínigh an fáth ar roghnaigh tú an freagra seo.

 _____ [1]

- 6 Bhí 7 geiúb dhearga, 1 chiúb bhuí agus 5 chiúb bhána i mála. Thóg Micheál ciúb go randamach amach as an mhála.

Cad é an dóchúlacht

- (a) gur ciúb buí a thóg sé,

Freagra _____ [1]

- (b) nár chiúb buí a thóg sé,

Freagra _____ [1]

- (c) gur ciúb dearg nó ciúb buí a thóg sé?

Freagra _____ [2]

- 7 Is é F fad agus is é L leithead dronuilleoige.

- (a) Tugtar imlíne na dronuilleoige leis an fhoirmle $I = 2F + 2L$.

Faigh imlíne dronuilleoige dar fad 10 cm agus dar leithead 4 cm.

Freagra _____ cm [2]

- (b) Tugtar achar na dronuilleoige leis an fhoirmle $A = FL$.

Faigh achar dronuilleoige dar fad 10 cm agus dar leithead 4 cm.

Freagra _____ cm^2 [1]

- 8 Ba mhaith le Dónal teilifíseán dar praghas £899 a cheannach ach níl an t-airgead sin aige.
 Agus an teilifíseán a fháil ar cíoscheannach, bheadh air éarlais £430 a chur síos agus 40 íocaíocht sheachtainiúil de £15.20 a íoc.
 Tá a dheirfiúr sásta an teilifíseán a cheannach dó ach eisean £40 sa mhí a íoc léi go ceann dhá bhliain.
 Má roghnaíonn sé an modh is saoire acu seo, cá mhéad is lú san iomlán a bheidh le híoc aige ná ar an mhodh eile?

Freagra £ _____ [6]

- 9 (a) Tarraing línte le haonaid mhéadracha a mheaitseáil le haonaid impiriúla.

ceintiméadar

punt meáchain

méadar

míle

ciliméadar

slat

gram

orlach

cileagram

unsa

[3]


- (b) Cá mhéad míle go garbh atá in 40 ciliméadar?

Freagra _____ míle [2]

- (c) Agus é lán coinníonn crúiscín 7 bpionta uisce. Cá mhéad lítear uisce a choinneoidh an crúiscín agus é lán?

Freagra _____ lítear [2]

10



Chaith Máire díse neamhchlaonta a raibh na huimhreacha 1, 2, 3, 4, 5, 6 air.

Roghnaigh an litir ar an scála dóchúlachta is fearr a mheaitseálann

(a) an dóchúlacht go bhfuair sí 3,

Freagra _____ [1]

(b) an dóchúlacht go bhfuair sí uimhir is lú ná 3,

Freagra _____ [1]


(c) an dóchúlacht go bhfuair sí uimhir is lú ná 8

Freagra _____ [1]

Scrúdaitheoir Amháin

Marcanna Athmharc

11 Rith lúthchleasaí ón Bhaile Nua go dtí an Seanbhaile agus ar ais go dtí an Baile Nua. Léirítear a thuras ar an ghráf.



(a) Cad é atá ar bun idir 1030 agus 1045?

Freagra _____ [1]

(b) Cá mhéad ciliméadar san iomlán a rith an lúthchleasaí?

Freagra _____ km [1]

(c) Cad é luas an lúthchleasaí ar an turas ar ais ón Seanbhaile go dtí an Baile Nua?

Freagra _____ km/u [2]

Scrúdaitheoir Amháin	Marcanna	Athmharc
----------------------	----------	----------

--	--	--

12 Tá na huimhreacha 1, 3, 5, 7 scríofa ar roithleán ceithre-shleasach. Tá an dóchúlacht chéanna ann go stopfaidh an roithleán ar gach ceann de na huimhreacha.

Tá na huimhreacha 2, 4, 6, 8, 10, 12 scríofa ar dhísle neamhchlaonta. I gcluiche, rothlaigh na himreoirí an roithleán agus chaith siad an dísle agus shuimigh siad an dá scór le chéile.

(a) Ar an tábla déthoiseach seo thíos, taispeáin na torthaí uile do shuim an dá scór.

+	2	4	6	8	10	12
1						
3						
5						
7						

[2]

(b) Cad é an dóchúlacht gur mó ná 14 suim an dá scór?

Freagra _____ [2]

13 Roghnaíodh mála 25 práta go randamach i siopa agus bhí 4 cinn de na prátaí lofa.

Cá mhéad práta a mbeifeá ag súil leis a bheith lofa i mála 200 práta?

Freagra _____ [2]

14 Le 30 duine a chothú rinne Seán

20 ceapaire mairteola
36 ceapaire cáise
52 ceapaire liamháis

Cá mhéad ceapaire de gach cineál a bheadh air a dhéanamh le 45 duine a chothú?

Freagra mairteoil _____

cáis _____

liamhás _____ [3]

Scrúdaitheoir Amháin

Marcanna Athmharc

15 Simpligh

(a) $t^3 \times t^3$

Freagra _____ [1]

(b) $r^6 \div r^2$

Freagra _____ [1]

16 Roinneadh £180 idir Lára, Micí agus Risteard sa chóimheas 8 : 1 : 6
Cá mhéad a fuair gach duine acu?

Freagra Lára £ _____

Micí £ _____

Risteard £ _____ [3]

SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

